



Polasaí **Mo Leabharlann Oscailte** Seirbhísí Ealaíon agus Leabharlainne Chomhairle Contae Chorcaí

Cuireann *Mo Leabharlann Oscailte* (MLO) uaireanta oscailte níos faide ar fáil do bhaill na leabharlainne ar bhonn féinseirbhíse taobh amuigh de na gnáthuaireanta oscailte, seacht lá na seachtaine, ó 8:00am go dtí 10:00pm, 365 lá in aghaidh na bliana.

Tabhair faoi deara nach mbíonn ball foirne ar bith i láthair le linn na n-uaireanta a bhíonn *Mo Leabharlann Oscailte* ar siúl (8:00am – 9:30am; 5:30pm – 10:00pm).

Fágtar na gnáthuaireanta oscailte gan athrú, agus bíonn foireann iomlán i ngach brainse *Mo Leabharlann Oscailte* taobh amuigh de na huairanta *MLO*.

Is é an cuspóir atá leis an bpolasaí *Mo Leabharlann Oscailte* ná:

- Chun timpeallacht fháilteach a chinntiú don léitheoireacht, don fhoghlaim agus do ghníomhaíochtaí leabharlainne eile, taobh amuigh de ghnáthuaireanta na leabharlainne nuair a bhíonn foireann ag obair ann.
- Chun cearta agus sábháilteacht bhaill agus fhoireann na leabharlainne a chosaint.
- Chun ábhair, trealamh, agus áiseanna na leabharlainne a chaomhnú agus a chosaint le linn na n-uaireanta oscailte nach bhfuil foireann ag obair ann.

Tabharfar achoimre ar nósanna imeachta éigeandála agus uimhreacha teagmhála do bhaill le linn an chláraithe agus an ionductaithe.

Ba cheart fadhbanna nó ceisteanna eile a thagann chun cinn le linn uaireanta *Mo Leabharlann Oscailte* a scríobh síos agus a chur sa bhosca tráchta ionas gur féidir le foireann na leabharlainne iad a fhiosrú le linn na ngnáthuaireanta oscailte.

I gcás ceisteanna a bhaineann le slándáil, is féidir le baill *Mo Leabharlann Oscailte* úsáid a bhaint as an idirchum nó an fón éigeandála chun teagmháil a dhéanamh leis an gcomhlacht monatóireachta. Féach an t-eolas ionductúcháin agus comharthaíocht sábháilteachta sa bhainse chun sonraí Éirchód na Leabharlainne a fháil.

Tabhair faoi deara go ndéantar monatóireacht ar an Leabharlann ag TCI 24 uaire an chloig in aghaidh an lae.



Téarmaí agus Coinníollacha *Mo Leabharlann Oscailte*:

1. Ní mór do bhaill a bheith 16 bliana d'aois nó níos sine chun clárú le haghaidh ballraíocht *Mo Leabharlann Oscailte*.
2. Ní mór do bhaill atá 16 agus 17 bliana d'aois tuismitheoir/caomhnóir a bheith i láthair le linn an ionduchtaithe chun toiliú a thabhairt do théarmaí agus coinníollacha *Mo Leabharlann Oscailte*.
3. Tá seans go n-iarrfaí aitheantas fótagrafach ar bhaill atá 16 agus 17 bliana d'aois le linn an chláraithe chun cruthúnas aoise a dhearbhú.
4. Ní mór do thuismitheoirí/chaomhnóirí na mball atá 16 agus 17 bliana d'aois clárú le haghaidh ballraíocht *Mo Leabharlann Oscailte* dá gcuid féin freisin le bheith in ann rochtain a bheith acu ar an leabharlann chun freastal ar an bpáiste i gcásanna tinnis nó éigeandálaí eile. Tá aitheantas fótagrafach agus cruthúnas ar sheoladh ag teastáil le linn an chláraithe.
5. Ní mór do bhaill ballraíocht leabharlainne suas chun dáta a bheith acu gan fíneáil ná earra caillte nó thar téarma ar bith nasctha leis an gcuntas atá acu cheana féin.
6. Ní mór do bhaill freastal ar ionduchtú.
7. D'fhéadfadh baill ballraíocht a ghlacadh i mBrainsí *Mo Leabharlann Oscailte* eile ar fud an chontae ach ní mór dóibh ionduchtú a dhéanamh i ngach ceann acu.
8. Déarf ar le baill agus cuirfead ar an eolas iad maidir leis an leagan amach, plean aslonnaithe sábháilteachta, agus oibríochtaí féinseirbhíse na leabharlainne le linn na n-uaireanta nach mbíonn foireann ag obair ann. Cuirtear an t-eolas seo ar fáil do gach ball ag duine d'fhoireann na leabharlainne mar chuid den phróiseas clárú agus ionduchtaithe le haghaidh *Mo Leabharlann Oscailte*.
9. Ní mór do bhaill a gcárta leabharlainne agus PIN a choinneáil leo féin. Má chailltear ná má ghoitfead cárta leabharlainne, cuir an leabharlann ar an eolas chomh luath agus is féidir.
10. Ní féidir ach le thuismitheoirí/chaomhnóirí/cúramóirí/feighlithe páistí atá ionduchtaithe agus clárú le *Mo Leabharlann Oscailte* páistí atá níos óige ná 16 bliana d'aois a thabhairt isteach leo sa leabharlann le linn uaireanta *Mo Leabharlann Oscailte* agus ní mór dóibh a bheith i láthair an t-am ar fad. **Ná fágtar páistí gan aon duine á bhfaire sa leabharlann.**
11. Tá thuismitheoirí/chaomhnóirí/cúramóirí/feighlithe páistí freagrach as cinntiú go gcloíonn a gcuid páistí le polasaí *Mo Leabharlann Oscailte* agus tá siad freagrach as iompar a gcuid páistí sa tseirbhís gan maoirsiú seo.
12. Ní mór do pháistí atá níos óige ná 16 bliana d'aois fanacht i ranna na bpáistí agus/nó na ndéagóirí/na n-aosach óg den leabharlann i gcónaí le linn uaireanta *Mo Leabharlann Oscailte* agus súil á coinneáil orthu ag tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir/feighlí páistí.
13. Ní mór d'fheighlithe páistí agus au pair clárú le haghaidh ballraíocht *Mo Leabharlann Oscailte* ina n-ainm féin agus freastal ar an leabharlann don ionduchtú.
14. Ní mór do bhaill a gcárta féin amháin a úsáid agus ní féidir leo ligean do dhaoine eile a gcárta a úsáid.



15. Ní mór do gach ball a gcárta a svaidhpeáil agus a n-uimhir PIN a chur isteach gach uair a théann siad isteach sa leabharlann agus ní féidir leo dul isteach gan svaidhpeáil nuair atá siad ag dul in éineacht le ball eile.
16. **Tá sé de fhreagracht ar gach ball *Mo Leabharlann Oscailte* agus iad ag dul isteach agus ag imeacht ón leabharlann chun fanacht achar gairid ón doras go dtí go mbeidh sé dúnta.**
17. Tá sé de fhreagracht ar gach ball *Mo Leabharlann Oscailte* cinntiú nach gceadaíonn siad ná nach n-éascaíonn siad rochtain ar an leabharlann do dhuine ar bith eile. Ní bheidh aon eisceacht uaidh seo ach tuismitheoirí/chaomhnóirí/cúramóirí agus seirbhísí éigeandála.
18. Tabhair faoi deara go bhfuil seans, le linn na mbuaicthréimhsí, go léireoidh an t-áiritheoir áitíochta ag doras na leabharlainne go bhfuil an toilleadh uasta do dhaoine ag úsáid na leabharlainne le linn na n-uaireanta *Mo Leabharlann Oscailte* sroichte. Má tharlaíonn sé seo, tá seans go mbeadh sé riachtanach dul i gciú chun dul isteach go dtí go bhfágann ball leabharlainne eile.
19. Ní mór do bhaill fón póca a thabhairt leo agus é a bheith acu an t-am ar fad.
20. I gcás éigeandála leighis, iarrtar ar bhaill gloch a chur ar otharcharr trí **999** nó **112** a dhiailiú. **Tá ÉIRCHÓD na LEABHARLAINNE ar taispeáint ar fud na leabharlainne.** Ba cheart do bhaill foireann an otharchairr a ligean isteach sa leabharlann agus ba cheart go gcuirfí sonraí na heachtra ar fáil sa bhosca aiseolais.
21. I gcás ceisteanna ar bith a bhaineann le sábháilteacht phearsanta, nó éigeandálaí nach éigeandálaí leighis iad, is féidir le baill *Mo Leabharlann Oscailte* úsáid a bhaint as an idirchum nó an fón éigeandála sa leabharlann chun teagmháil a dhéanamh leis an gcomhlacht monatóireachta a chuirfidh na seirbhísí éigeandála ar an eolas más gá.
22. Ní mór do bhaill tuiscint a bheith acu ar agus cloí leis na nósanna imeachta aslonnaithe éigeandála don leabharlann le linn na n-uaireanta *Mo Leabharlann Oscailte*.
23. Tabhair faoi deara, déantar monatóireacht ag TCI ar an leabharlann 24 uair an chloig in aghaidh an lae ar mhaithe le sábháilteacht agus slándáil úsáideoirí/foirne na leabharlainne agus maoin na leabharlainne.
24. Níl bainistíocht na leabharlainne freagrach as cailteanas nó damáiste d'earraí phearsanta ar bith a fhágtar gan aon duine ina bhun ar an áitreabh.
25. Iarrtar ar bhaill a bheith cineálta le húsáideoirí eile/foireann na leabharlainne a úsáidfidh an leabharlann ina ndiaidh, agus a gcuid earraí agus bruscair a thabhairt leo, glanadh suas i ndiaidh gach cuairt, agus gan aon lorg a fhágáil ina ndiaidh.
26. Ba cheart go mbeadh ealaíontóirí agus taispeántóirí ar an eolas nach ndéanfar feitheoireacht ar na saothair atá ar taispeáint i ngailearaí na leabharlainne, agus nach mbíonn foireann ar fáil le linn uaireanta oscailte níos faide na leabharlainne. Féach polasaí Thaispeántas Seirbhísí Ealaíon agus Leabharlainne Chomhairle Contae Chorcaí chun tuilleadh eolais a fháil maidir le taispeántais i mbrainsí *Mo Leabharlann Oscailte*.
27. Má tá ríomhaire phearsanta ag teastáil uait, bheadh sé inmholta teagmháil a dhéanamh leis an leabharlann roimh ré chun seisiún a chur in áirithe le cinntiú



- go mbeidh ceann ar fáil duit. Ní mór do bhaill cloí le rialacha pholasaí Idirlín na Leabharlainne.
- 28.** Bíonn seirbhísí clódóireachta agus fótachóipeála ar fáil. Ba cheart go leanfadh baill na treoracha a ghabhann leis an bpróiseas íocaíochta.
- 29.** Folaíonn iompar do-ghlactha nuair atá úsáid á baint as an tseirbhís *Mo Leabharlann Oscailte* a mheastar gur sárú ar na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann lena úsáid é, ach gan a bheith teoranta dó:
- Úsáid teanga/iompair atá bagrach, trioblóideach, nó maslach i dtreo custaiméirí eile nó foireann na leabharlainne.
 - Bheith sa leabharlann chun críocha seachas úsáid a bhaint as seirbhísí na leabharlainne.
 - Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht mhídhleathach (lena n-áirítear rabhaidh bhréige chuig seirbhísí éigeandála nó slándála).
 - Damáiste mailíseach do agus/nó gadaíocht mhaoin na leabharlainne.
 - Dul isteach in áiteanna na leabharlainne a mharcáiltear mar áit srianta/gan rochtain nó príobháideach/foireann amháin.
 - Caitheamh bia agus dí (seachas uisce buidéal).
 - Neamhchomhlíonadh le nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta, agus cleachtaí dóiteáin.
 - Caitheamh, nó bheith faoi thionchar an alcóil nó drugaí agus áiseanna na leabharlainne á n-úsáid.
 - Táirgí tobac a úsáid, lena n-áirítear toitíní leictreonacha.
 - Ábhair a bhaint ón leabharlann gan iad a sheiceáil amach ar dtús.
 - Earraí pearsanta a fhágáil sa leabharlann gan aon duine ina bhun, thar oíche ach go háirithe.
 - Gan a bheith ag fanacht go dtí go mbeidh an doras dúnta ar an mbealach isteach nó amach ón leabharlann, toisc gur féidir leis seo rochtain ar an leabharlann a éascú do dhaoine den phobal nár dhearbhaigh a mballraíocht *Mo Leabharlann Oscailte* ag an léitheoir cártaí ar an mbealach isteach.
 - Doirse na leabharlainne a oscailt chun cead isteach a thabhairt do dhaoine eile den phobal (seachas na seirbhísí éigeandála) nár dhearbhaigh a mballraíocht *Mo Leabharlann Oscailte* ag an léitheoir cártaí ar an mbealach isteach.
- 30.** Tá Tuismitheoirí/Caomhnóirí/Cúramóirí freagrach as cinntiú go gcloíonn a gcuid páistí, nó daoine atá faoi chúram acu, le téarmaí agus coinníollacha an pholasaí seo.
- 31.** Coimeádann Seirbhísí Ealaíon agus Leabharlainne Chomhairle Contae Chorcaí an ceart acu féin an tseirbhís *Mo Leabharlann Oscailte* a chur ar fionraí ar bhonn sealadach mar gheall ar fhadhbanna teicniúla agus/nó ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta.
- 32.** Ní mór do bhaill géilleadh do gach polasaí leabharlainne atá i bhfeidhm cheana féin le linn *Mo Leabharlann Oscailte*.



Sáruihte Úsáide

Cuirfear rochtain na mball *Mo Leabharlann Oscailte* a sháraíonn aon cheann de na téarmaí agus coinníollacha seo ar an tseirbhís *Mo Leabharlann Oscailte* ar fionraí ar bhonn sealadach ar feadh tréimhse a mhairfidh idir seachtainí agus míonna, ag brath ar dhéine agus atarlú an tsáraithe.

Seans go gcuirfí úsáideoirí ar fionraí go buan ón tseirbhís *Mo Leabharlann Oscailte* ar stiúir Leabharlannaí an Chontae mar gheall air sháruihte tromchúiseacha ar na téarmaí agus coinníollacha nó sáruihte a rinneadh arís agus arís eile.

Cuirfear baill *Mo Leabharlann Oscailte* a sháraíonn na téarmaí agus coinníollacha ar an eolas maidir leis an sárú seo trí ghlaó gutháin. Leanfar an glao gutháin suas le litir nó ríomhphost a chuirfidh in iúl dóibh an sárú agus an dáta óna gcuirfear an fhionraíocht chuí i bhfeidhm.

Tá 30 lá ag baill chun achomharc a dhéanamh in aghaidh na fionraíochta.

Ba cheart go ndéanfaí an t-achomharc i scríbhinn faoi bhráid Leabharlannaí an Chontae, Seirbhísí Ealaíon agus Leabharlainne Chomhairle Contae Chorcaí, Foirgneamh Leabharlann an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, T12 K335, Corcaigh; nó trí ríomhphost a sheoladh chuig corkcountylibrary@corkcoco.ie

